***Cúrsa Scileanna Cumarsáide agus Díolacháin Fiontraithe le Gaeilge***

***Agallaimh agus Cur I Láthair - Páidí Ó Lionáird ©***

Ag Dul faoi agallamh & cur I láthair a dhéanamh
(ag glacadh leis gur cur I láthair seachtrach atá I gceist)

- **Ocáidí cur I láthair**
  - Preas-ócáid
    - Fógairt earra/seirbhís nua
    - Fógairt breis fostaíochta
    - Fógairt ciorraithe
    - Fógairt spriocanna bainte amach nó sáraithe
    - Torthaí bliantúla
  - Preas-ráiteas
    - Áitiúil / náisiúnta / idirnáisiúnta
    - Ag fógairt aon cheann des na cásanna thuas luaite

- **Ocáidí dul faoi agallamh**
  - Ag eirí as aon ceann des na cásanna thuas luaite
  - Craoltóir ar bith ag lorg eolais ar a bhfuil ar bun ag an gcomhlacht.
  - Craoltóir a bhfuil comhfhreagraithe éagsúla acu – Tom McSweeney cúrsaí Mara RTE, Tommy Gorman an Tuaisceart etc. ag cur suim ar leith san earnáil ina bhfuil an comhlacht ag feidhmiú.
  - Mac / iníon léinn I mbun taighde

- **Saghasanna / cineálacha agallaimh**
  - Clár Nuachta
    - Beó – Q&A
    - Réamhthaifeadta – pacáiste (curtha in eagar)
    - Teilifís (gearr & Físiúil)
    - Raidió (níos cuimsithí)

- Gnéith-chlár teilifíse
  - Beó – mír 5 – 12 nóiméad

  - o Réamhthaifeadta – pacaiste curtha in eagar (Cúram eagair spin!!)

**Ullmhú d'agallamh – "Fail to Prepare, prepare to fail"**

- Ag braith ar an sort agallaimh is fiú macnamh ar an cur I lathair atá ag teastáil.

- Teilifís
    - ▪ Teilifís  stiúideó - bí gléasta go hoiriúnach
    - ▪ Teilifís ar an láthair – smaoinigh má's páirc nó taobh bóthair, bí gléasta go cuí. Má's monarcha beatha nó earraí eolaíochta, bíodh an cóta bhán, eangach gruaige etc á chaitheamh agat.
    - ▪ Deacair nótaí a úsáid go héifeachtach ar theilifís
    - ▪ Bí deimhin agus deimhin arís dá bhfuil de theachtaireacht agus tabhair chun solais a luaithe agus is féidir é.
    - ▪ Conspóid V Dea-scéal

- Raidió
    - ▪ Raidió Stiúideó – arís gléasta go hoiriúnach
    - ▪ Raidió ar an láthair / fón - do-fheicthe ach ag an láithreoir / iriseoir
    - ▪ Éasca nótaí a úsáid Cuma an sa stiúideó nó sa bhaile atá tú. Bí deimhin dá bhfuil le rá ar aon nós agus cuirfidh ollmhúchan le líofacht do chuid cainnte.

**An tAgallamh féin**

- Má's agallamh ar ábhar dhearfach atá I gceist, bí dearfach agus bíodh Cuma ort go bhfuil áthas ort bheith faoi agallamh ar an ábhar seo.
- Má's agallamh dhiúltach (ciorraithe fostaíochta) ata I gceist, biodh an aoibh oiriúnach ort – ionbhá (empathy), truamhéal (pathos), tuiscint don riocht ina bhfuil an comhlacht.

**Conas do theachtaireacht a chraobhscaoileadh**

- malartaigh an cheist I dtreo a bhfuil uait a rá
    - o Michael O Leary agus caineadh rialtas na Breataine faoi carbon emissions
    - o Bréagnaigh an cheist curtha mar cheist imeallach, ní lárnach!

- Tabhair cúntas ar a bhfuil déanta agus I bpleanáil le déanamh
- Is fútsa atá sé an teachtaireacht is dearfaí gur féidir a chraobhscaoileadh.

**Conas na meáin a mhealladh chugatsa**

- preas-ráiteas
    - "Albert Reynolds – "single page document" más féidir
    - Bíodh tideal an ráitis soiléir agus tarraingteach
    - Bíodh príomh-scéal an teachtaireachta sa chéad alt! Inverted pyramid.
    - Má tá "embargo", bí cinnte go bhfuil sé soiléir ag barr an leathannaigh.
    - Cuir glaodh ar na meáin ar a bhfuil an ráiteas dírithe agus faigh ainm agus uimhir agus seoladh ríomhphoist an  té is oiriúnaí le dileáil le'd chás – Gnó = Industry correspondent etc.
    - Seol crua-chóip (faics) agus cóip leictreónach (ríomhphost) ag an duine céanna.
    - Buntaiste leis an módh leictreónach ionas gur féidir leat J-Peg (pictiúir) a sheoladh má's cuí.
    - Bí cinnte go mbíonn fhios agat cén sprioc nó "copy deadline" atá ag na sprioc-mheáin éagsúla; nuachtáin laethúla éagsúil ó nuachtáin sheachtainiúla, éagsúil ó nuachtáin Dhomhnaigh etc.
    - I ndiadh duit an ráiteas seo a sheoladh, tabhair 10 nóiméad agus cuir glaodh ar an duine cuí I ngach sprioc-mheán chun a chinntiú go bhfuil an ráiteas faighte acu, á rá leo go bhfuil cóip ins an "in-box". Tugann an glaodh seo deis duit nóiméad nó dhó a chaitheamh leis an duine ceart ag míniú do chás, ag díol an scéil leo. Úsáid an tam seo go cúramach; biodh an tuin cheart, (áthasach/brónach) ort. Ma fhaigheann tú an duine ceart, seo doras oscailte duit I gcás "cold-call" agus caithfidh tú do scil díolacháin a úsáid chun tairbhe agus chun foirfeachta.
        - i.e. mas forbairt ar mhicro-chip nua atá ann, ná tabhair sonraí ar dhéantús nó barr feabhais an earra; cuir I gcóthéacs é a tharraingeoidh áird na meáin – breis fostaíochta, breis infheistíochta.

- “20 new jobs to be created by IT company in Gaoth Dobhair” nó “New 15GB chip developed by Gaoth Dobhair company”
- tá go leor des leas-eagarthóirí sna nuachtáin laethúla sach leisciúil/gnóthach go gcuirfidh siad an uile fhocal den ráiteas I gcló gan bacaint fiú le glaodh gutháin a dhéanamh.

**BÍ MACÁNTA –**

- Cuma cén ábhar atá I gceist, INIS AN FHÍRINNE! Tiocfaidh an bhréag ar ais arís is arís eile.
- Ní gá I gcónaí iomlán na fírinne a thabhairt á chur I gcás go mbeadh iomarca eolais ag tabhairt buntáiste don freasúra agus gur eolas chigilteach frith-chomórtais a bheadh ann dá bharr.
    - Ben Dunne – cócain, striapaigh, ól, galar dúch etc.
    - Pádraic O hAoláin – Rí na fírinne lom…
- Bain taitneamh as an ngnéith seo den gnó mar seo an páirt inar féidir leatsa éifeacht an-díreach, brabúsach agus tairbheach a bheith agat ar do ghnó, dearbhú ar do chuid scil mar fhiontraí éifeachtach.
- Ná bí riamh I riocht! Má tá amhras ort nó cúnamh uait, tá cabhair I bhfoisceacht glaodh gutháin / ríomhphost uait. Úsáid agus glac comhairle uathasan atá ag plé leis an ábhar.

© Páidí Ó Lionáird, Stiúrthóir, Aicme Communications Teo. Indreabhán, Co na Gaillimhe.
aicmecom@eircom.net 0879092101 paidiol@gmail.com